Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 24 Márta 2026**

**CM 2206/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072(COD)**

**CODEC**
**AVIATION**
**CONSOM**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.7400 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer **(an dara léamh)**<br>Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2148/26:<br>– Gan na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas<br>**= DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN** |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 2148/26 an 19 Márta 2026, a thabhairt i gcrích an 24 Márta 2026 agus gur chomhaontaigh na toscaireachtaí uile, seachas an Phortaingéil a staon, gan na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 29 Meán Fómhair 2025 a fhormheas[1].

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, níl na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa formheasta.

1 10015/1/25 REV 1 + ADD 1.

Atáirgtear an ráiteas ón bPortaingéil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar an ráiteas thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráiteas atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**D'iarr an Phortaingéil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is mór ag an bPortaingéil obair Uachtaránacht na Cipire agus a réamhtheachtaithe i dtaca leis an anailís ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí agus an bhaint atá aige le Parlaimint na hEorpa.

D'áitigh an Phortaingéil riamh anall gur cheart, ní hamháin go mbeadh cur i bhfeidhm an Rialacháin níos éasca mar gheall ar aon leasú air, ach go gcoinneofaí agus go neartófaí cearta paisinéirí leis, lena gcumasaítear paisinéirí tairbhe a bhaint as an gcosaint atá ina eiseamláir do réigiúin eile ar fud an domhain.

Dá bhrí sin, vótáil an Phortaingéil i gcoinne chomhaontú polaitiúil na Comhairle, agus í den bharúil, go háirithe, gurb ionann na tairseacha a glacadh agus céim siar ó thaobh cearta paisinéirí a chosaint.

Chuir an Phortaingéil in iúl freisin go mbeadh an seasamh céanna aici don chaibidlíocht ina dhiaidh sin le Parlaimint na hEorpa agus thacaigh sí le tograí ó Pharlaimint na hEorpa ar chroí gnéithe ar nós méideanna an chúitimh agus an tairseach ama a mbeidh an cúiteamh sin dlite ina diaidh.
Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbíonn cearta paisinéirí infheidhme ach amháin i gcás locht ó thaobh diandliteanas pháirtithe leasmhara eile.

Ar an taobh eile, b'fhiú gnéithe de chomhsheasamh na Comhairle a chuimsiú i gcomhaontú deiridh, agus mar sin STAONANN an Phortaingéil sa nós imeachta i scríbhinn seo, d'fhonn an chaibidlíocht a thairg an Coiste Idir-réitigh a choimeád oscailte.

Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Phortaingéil a toil ó thaobh leanúint leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar son feabhas substainteach i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chomhlíonann mianta na bpáirtithe leasmhara uile, le béim ar leith ar phaisinéirí a bhfuil a leasanna á gcosaint ag an Rialachán seo ó bhí 2004 ann.